


Gaeltacht

16ú lá Márta, 1973

Iml. 1 Uimhir 4.

Gach coicís

LUACH 6p



Gloria Ní Bhaoill as Cnoc an Stollaire a bhain comórtas "Banríon na Coláiste" i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh ar an tseachtain seo chuaigh thart áit a bhfuil sí i mbun cúrsa léinn le cúpla bliain. Tá clú agus cáil ar fud na hÉireann ar Ghloria.

Is minic í le feiceáil agus tá clár da cuid le toiseacht ar Theilifís Éireann gan mhoill. Bhí sí mar óstach ag Liam Ó Nualláin ar a chlár Teilifíse Cross Quiz. Ní strainséar ar bith ar Radio Na Gaeltachta i ar a bhfuil a clár iarratais féin aici.

Guímid achan rath uirthi ina cuid staidéir.



Níóirín, Síle agus Máire Nic Suibhne as Baile an Droichid, a onnuil clú orthu mar rinneoirí Gaelacha. Tá mórán bonn bainte acu ag rince i nGlasú, Baile Átha Cliath, An Fál Carrach agus i nDoire i measc a lán áiteacha eile. Bhain Máire Craobh na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Tá siad ar Scoil an Bhuna Bhig.

Buíon Ceoil Páistí Dhobhair



EAGARALT

INNSTEAR SCÉAL fá na hÉireannaí roimh aimsir Naomh Pádraig. Ní dóiche gur scéal fíor é ach ina dhiaidh sin tá baint idir é agus an crisis cultúrtha atá i nÉirinn sa lá inniu agus b'fhéidir go mbeadh ceacht le foghlaim uaidh. Is cosúil gur chruinnigh slua mór daoine ar bharr sléibhe lá amháin chun scairtigh leis an ghealach. Dar leo dá scairteóchadh achan duine acu sean ard a chinn, uilig as béal le chéile go rachadh an fuaim fhad leis an ghealach. Nuair a tugadh an comhartha chun scairtigh bhí tost milltineach ann — ní raibh smid astu!

Sé an fáth a bhí leis sin ná go raibh achan duine ag fanacht ar an duine taobh leis agus níor scairt aonduine!

Más fíor an scéal sin níor athraigh na hÉireannaí mórán ó shin. Le caoga bliain tá na daoine ag fanacht ar an rialtas an Ghaeilge a chur i réim arís ar fud na tíre agus tá an rialtas ag fanacht ar na daoine, is cosúil! Má creideann achan nduine go bhfuil cás na Gaeilge cailte (rud nach bhfuil fíor ar chor ar bith) ní féidir dul chun cinn a dhéanamh. Ach má tá misneach againn agus má creidimid sa rud atá muid a dhéanamh níl fáth ar bith nach dtiocfadh bláth gan m'oil ar na blianta fada de obair agus de fobairt a rinneadh go dtí seo ar son na teangan.

Ní raibh a leitheid de sheans ariamh ag an Ghaeilge agus atá aici anois, ach toil a bheith againn don obair atá le déanamh. Nach iontach gur seo an tam atáthar ag caint fá oideachas Gaelach a chur ar ceal sa Ghalltacht. Nach trua gur seo an tam a bhfuil oiread daoine ag cailleadh misnigh taobh amuigh den Ghaeltacht.

Ach san Ghaeltacht tá ábhar misnigh agus bróid againn. Siad muintir na Gaeltachta a choinnigh an Ghaeilge beo ón chian-aimsir anall agus is iad a dhéanfas éacht mhór ar a son sna blianta atá romhainn. Má leantar den dul chun cinn agus más féidir forbairt chultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta a dhéanamh in ACHAN CHEANTAR GAELTACHTA; is cinnte go bhfásfaidh sí ina pobal mór láidir. Má tharlaíonn sin — agus caithfidh sé tarlúint — is cinnte go ndéanfaidh an chuid eile den tír áthsmaointiú ar an Ghaeilge. Ní bheidh beaguchtach ar na daoine níos mó. Beidh ré an éadochais thart.

Guimís lá féile sona dár léitheoirí uilig.

Agus muid ag baint sult as féile náisiúnta s'againn, chuimhnimís orthu siúd nach mbeidh lá chomh sona acu — ár lucht imirce thar lear agus go háirithe ár muintir ó Thuaidh atá ag fuilstin go huathbhásach faoi dhaorsmacht na Sasana.

Radharc na Mara

AGUS

Ostán Gaoidóir

Oíche Cheoil i Radharc na Mara 'rith an tSamhraidh

Ostán Gaoidoir foscailte ó Fhéil Pádraig.

Eigse Rann na Feirste

BEIDH AN chead Éigse i Rann na Feirste dá reachtáil ar an 11ú, 12ú, agus 13ú lá de mhí na Bealtaine.

Sé ábhar na hEigse ná saol agus saothar Sheámáis Uí Ghrianna, 'Máire' An tOllamh Proinsias Mac Cana, Coláiste Ollscoile, Bhaile Atha Cliath atá ina stiurthóir ar an Eigse. Ní strainsear ar bith i Rann na Feirste é an tOllamh Mac Cana nó is ann a chaith sé tús a shaoil ag foghlaim a chuid Gaeilge. Tá clár leathan suimiuil leagtha amach aige agus leachtóirí oilte measúla le cuntas a thabhairt ar shaothar leabhar Sheámáis.

Le cois na léachtaí tá imeachtaí fíor shuimiúla beartaithe ag an Chóiste áitiúil. Orthu seo tá turas go dtí na scoileanna sa cheantar inár chaith Séamas seal ag teagasc. Chomh maith le sin tá buíon aisteoirí as Rann na Feirste i mbun oibre, ag cur leagan dramatiúil ar chupla scéal de chuid an údair. Béidh toradh a saothair le feiceáil san oíche drámaíochta a bhéas acu i gcathreamh na hEigse.

Cé go bhfuil dhá mhí le dhul go dtí an Eigse go fóill, tá iarrataisí ag

teacht isteach go tiubh cheana féin.

Ar an ábhar go bhfuil idir 400 agus 500 leaba i Rann na Feirste táthar ag súil go bhfanáidh bunús na gcuariteoirí sa cheantar i rith an deireadh seachtaine. Ní bheidh deacaireacht ar bith ag na mná tí freastal ar scaifte mar seo nó tá cleachtadh maith acu ar a léithid le dhá scór bliain anuas i gColáiste Bhríde.

D'réir duine de bhunadh na háite níl ach rud amháin ar iarraidh i Rann na Feirste agus sé'n rud é sin nó teach leanna. Tá ceadúnas speisialta a lorg ag an choiste leis an fhaidhb seo a fhuascailt.

Mar sin de, tá an uile chosúlacht ar an scéal go mbeidh Eigse shuailceach i Rann na Feirste. Beithear ag comóradh fear a rinne gaisce ar son na Gaeilge ina cheantar dhúchais féin agus i measc a mhuintire fhéin.

Ní bhíonn tú ansin i mí na Bealtaine téigh síos go dtí na laftáin bheaga os cionn na farraige, le luí na gréine, agus níl amhras ná go bhfeicfí tú mar a tháinig Séimidh agus Babaf, na Caisleáin Óir ag bun na spéire.

Féile Scoldramaíochta Ghaoth Dobhair

"BIODH NACH raibh líon na ndramaí comh hard le blianta eile ag an fhéile bhí gné amháin a bhí ana-shásúil i mbliana thar blianta eile, 'sé sin an méid bun dramaí nua-scríofa a bhí ar an chlár" a dúirt Aine Nic Giolla Énríoe, an rúnai ag críoch Féile Dramáíochta Ghaoth Dobhair oíche Dhomhnáin. "Tuigeann muid uilig" a dúirt sí "go bhfuil ganntanas dramaí Gaeilge agus go háirithe dramaí scoile ann agus gurb é seo cúis amháin nach mbíonn múinteoirí ábalta dramaí oiriúnacha a fháil le léiriú ach is maith an comhartha é go bhfuil múinteoirí sa deireadh thiar thall ag baint úsáid as a samhlaíocht féin agus ag scríobh dramaí do na haoiseanna áirithe."

Thug an moltóir Brian Mac Lochlainn R.T.E. moladh do na húdair ach go háirithe do fhear óg Derek Ó Muirí as Coláiste Adhamhnáin, Litr Ceanainn a scríobh dhá dhrama ceann acu a bhí níos oiriúnaí don Radió ná do'n stáitse.

"Tá feith na scríobhnóireachta agus feith an ghrinn ins an údar óg seo" a dúirt sé agus molaim dó leanúint de'n obair.

Bhí bun drama ana-shuimiuil ar an chlár ó Cholaiste Na Croise Naofa, An Fhálcarraich. "Cianúint" a scríobh infon Uí Bhaoill. Tragóid ag baint leis na trioblóidí san Tuaisceart. "Má tá laghdú ar líon na ndramaí" a dúirt an moltóir "ní laghdú ar chaighdeán na drámaíochta féin." Seo an tríú huair an tUasal Mac Lochlainn ag moltóireacht ag féilí i nGaoth Dobhair. Bhí líon na ndramaí níos ísle i mbliana ag féilí ar fud na tíre. Cúis amháin leis, is dóiche a dúirt sé go bhfuil slógadh agus na féilte ag teacht salach ar a chéile, agus cúis eile a nochtadh dó ná an tam atá le caithreamh ag na bun-mhúinteoirí leis an chlár nua scoile. "Ach" a dúirt sé "tá sé ion-tuigthe againn ó'n Roinn Oideachais gur mian leo béim fé leith a chuir ar úsáid meán na drámaíochta le pearsanacht an pháiste a chothú agus féin mhuintir a thabhairt do. "Cé'n fáth nach gcuireann an Roinn timirí drámaíochta ar fáil le comhairle agus cabhair a thabhairt do na múinteoirí nach bhfuil taithí acu ar an obair seo."

"Má tá suim ag an Roinn ins an ghné seo de'n chultúr ba chóir do na léiritheoirí gach cuidiú fháil" a dúirt an moltóir. Maidir le caighdeán na drámaíochta anseo i nGaeltacht Thír Chonaill ba mhaith leis caighdeán na haisteorachta a fheiceáil ar aon chéim leis an obair léaracháin. "Tá an obair léaracháin féin ar feabhas ina lán do

na dramaí, ach ó thús an dráma is leis na haisteoirí óga an stáitse agus mholaim níos mó béime a cauir ar an aisteoireacht féin."

Bhí tinneamh maith ag na trí seisiúin de'n théile agus ar an oíche dheireannach bhí an Amharclann lán ó bhéal go doras.

"Seo an tríú uair domh i nGaoth Dobhair" a dúirt sé "agus deirim arís é go bhfuil sé ar an fhéile is fearr atá eagraithe ar fud na tíre." Thug sé ard mholadh do'n fhoireann stáitse agus daofa sin a bhí i mbun na soilse. Foireann óg d'aisteoirí Ghaoth Dobhair a rinne an obair seo uilig fé stiúir cuid dena sean aisteoirí.

TORTHAÍ

Ainmiucháin do'n Fhéile Cúige a bhéas san Amharclann ar an deireadh seachtaine 24ú agus 25ú Márta. Com. 2 S.N. Chill Mhic Néanain (Dia Luain, Dé Máirt)

Com. 3. Scoil Chonaill, Bunbeag (Aille agus an bhrúid)

Com. 5 S.N. Srathmór, Gleann Domhain (Ní mar a shíltear a bithear)

Com. 6 Clochar Loreto, Leitir Ceanainn. (An Udhacht)

Com. 7 Clochar Loreto, Leitir Ceanainn. (Creach Chloinn Uí Dhomhnaill)

AN LÉIRÍN A B'FHEARR

"An Udhacht" ag Clochar Loreto, Leitir Ceanainn.

Na hAisteoirí a fuair duaiseanna.

Cailíní:— Neans Ní Réagain i bpáirt Choin Uí Dhomhnaill.

Buachaillí:— Brian Ó Gallchóir i bpáirt an Chleasaí in "Ní mar a shíltear a bithear"

DARA HÁIT

Cailíní:— Linda Ní Loingsigh i bpáirt Bheana-tí ins "An Udhacht"

Buachaillí:— Camhán Ó Dúnsleibhe in "Bonzo agus an tasal" Coláiste Adhamhnáin Leitir Ceanainn.

An bundráma nua bunscoile a b'fhearr "Ní mar a shíltear a bithear" Udar Máire Nic Ananaigh.

Raidió na Gaeltachta



DE SATHAIRN 17u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spóirt. 7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.03 Tuairisc Pearsanta. 8.30 Gloria, a Chara. 8.45 An Druma Mór. Uisceál cáiliúil Sheosamh Mhic Grianna a bhuaidh Duais an Bhuitléirigh a léamh ag Seán Ó Gallchóir ina dhá mhír déag. (Mír a cúig) 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE DOMHNAIGH 18u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Séan Bán Breathnach. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.10 Sa taobh seo den Tír: Sreath léachtaí ó Bhaill Bhord Staidéar Seachtacht Choláiste na h-Ollscoile. Gailimh ar staid na Gaeltachta inniu. 8.30 Spóirt Idirlinn 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE LUAIN 19u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Pháistí Clár don óige, a chur i latháir ag Aingeal Ní Chonchubhair. 7.30 Irjs an Luain Comhrá agus caibidil ar chúrsaí an lae ó Ghaeltachtaí éagsula na tíre chomh maith le dreas ceoil anois agus arís. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.30 Séamus Ennis Anseo. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE MAIRT 20u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Togha agus Rogha Rogha na nEisteoirí a dtogha ag Timlín Ó Cearnaigh. Neasa Ní Chinnéide agus Maidhe P. Ó Conaola. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.03 Cré na Cille Léamh dramatiúil ar leabhair cháiliúil Mhúirtín Uí Chadhain ó Aisteoirí Chonamara. 8.30 Lán a Mhála. Ceol tíre nuabhallithe. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE CEADAINE 21u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal le Scara Brae le Timlín Ó Cearnaigh. 7.30 Iris na Ceadaoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.03 Irjs na Ceadaoine (Cuid a dó) 8.30 Faidhbanna Gaeilge. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DIARDAIN 22u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Dibhse a mhá. 7.30 "Sí do Mhamó I. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.03 An tSeachtain Seo. 8.30 Sa mBruiséal. 8.40 Rogha Gene Martain. 9.00 Nuacht agus Aimsir.


DE hAOINE 23u MARTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Pháistí. 7.30 Iris na hAoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiúil. 8.03 Céad bliain i bParóiste an Fhírtéaraigh. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

Bás

Ar na mallaibh, fuair Leo Ó Braonáin as Dobhar scéala brónach go bhfuair a dheirfiúr Dóra Bean de Bara bás i Florida. Dhá bhliain ó shin chaith sí seal ar laetha saoire anseo agus bhain sí cairdeas móran daoine. Chuaigh sí go Meiriceá 40 bliain ó shin an áit a raibh sí pósta agus beirt teaghlaigh aici, mac agus iníon.

Déantar comhbhrón lena máthair, a deirfiúr Rosemarie, agus a deartháir Lala agus Leo.



Machnamh

Seanchas Chnoc Na Naomh

le: Aodh Ó Cnámhsí

Bhí mé ar bharr Chnoc na Naomh tráthnóna amháin le gairid agus thug sé arais i mo chuimhne an t-am a rabh mé féin ar an scoil ag bun an chnoic - Scoil Chnoc na Naomh - nuair a bhí mé i mo ghasúr. Ba mhínic in am súgartha a d'éalaíodh an chuid a ba eachtraí de na scoláirí suas go barr an chnoic ar lorg scléipe agus spóirt. Bhí seanchas Chnoc na Naomh ar eolas go maith againn agus chonnaictheas dúinn go rabh diamharacht éigin ag baint leis an chnoc agus gur dheas bheith ag leanúint lorg Cholmcille agus a bheirt chomrádaithe an lá úd a bhí siad ar bharr Chnoc na Naomh ag breathnú uathu isteach ar Thoraí agus iad i bhfáth le muintir an oileáin sin a thabhairt chun creidimh.

Ba mhian le achan duine acu dhul go Toraí ach nach raibh feidhm ach ar dhuine amháin acu. Ní rabh a fhios acu ciacu a bhí leagtha amach ag Dia fá choinne na hoibre sin agus shocraigh siad a chomhartha sin a iarraidh ar Dhia. Chaithfeadh achan duine acu a chroisín i dtreo Thoraí agus cibé fear acu a rachadh a chroisín go Toraí, ba e sin an fear a bhí leagtha amach ag Dia leis an chreideamh a thabhairt chuig muintir Thoraí.

Fíonán Rátha an chéad duine a bheartaigh a chroisín agus dúirt: "Le mo chuidiú féin agus le cuidiú Dé cuirfidh mé an croisín seo go Toraí." Chaith sé an croisín in airde san aer ach in áit a dhul ó thuaidh isteach go Toraí 'sé rud a chor sé soir gur thuit thoir ag Eas Fíonáin in oirthear Dhumhaigh. Thuig Fíonán as sin gur thoir ansin a luigh a dhualgas féin.

Bheartaigh Beighbhile a chroisín féin agus dúirt: "Le mo chuidiú féin agus le cuidiú Dé cuirfidh mé an croisín seo go Toraí." Chaith sé an croisín an méid a bhí ina chorp ach arís eile chor an croisín soir gur thuirling thoir ar Thulach Átha Beighbhile. Thuig seisean gur thoir ansin a bhí a dhualgas féin agus is ann a chuaigh sé ina dhiaidh sin.

Colmcille an fear deireannach den triúr a chuaigh i gcionn diúraicthe agus dúirt: "Le cuidiú Dé agus le mo chuidiú féin rachaidh mo chroisín go Toraí." Chaith sé an croisín in airde sa spéir i dtreo Thoraí agus siúd ag saigh-eadó fríd an aer é gur bhuaile creag ar chladach Thoraí. Ba leir anois gur ar chrann Cholmcille a tháinig an dea-scéala a thabhairt go Toraí. Chuir Colm cuidiú Dé roimh a chuidiú féin agus sin an rud a d'fhág urchar gan iomrall aige.

D'ímthigh Fíonán agus Beighbhile leo soir agus chuaigh Colmcille sfos go Machaire 'Rabhartaigh. Chuir sé a churrach i bhfarraige agus chéaslaigh leis go rabh sé ag cladach chreagach Thoraí. Bhí muintir Thoraí ag coimhead air ó nocht an currach chucu agus bhí siad uilig ina seasamh ar an chladach ag feitheamh leis an stráinséar. Ach ní rabh siad sásta a ligint i dtír. Ní rabh gar dó bheith ag impí agus ag achainf orthu ach sa deireadh chuir sé ceist orthu an dtabhairfeadh siad fiú leithead a bhrait de thalamh an oileáin dó le seasamh air. Thug fear de Mhuintir Dhúgain sin dó. Chaith Colm a bhrat ar an talamh agus ní luaithe a rinne ná thoisigh an brat a spreádh agus ag leathnú amach gur chumhdaigh an toileán ar fad. Agus de réir mar bhí sé ag spreádh dhíbir se na luchógaí móra uilig roimhe gur chuir amach san fharraige achan cheann ariamh acu. Ní rabh luchóg mhór i dToraí riamh ó shoin. Chan amháin sin ach tá sé de bhua ag créafóg Thoraí - 'uir Thoraí'.

mar a bheirtear uirri -- luchógaí móra a dhíbirt as áit ar bith a mbíonn siad. Ach ní dhéanfaidh sé cúis an uir a thógáil in áit ar bith ná ar dhóigh ar bith; caithfeadh a fáil ón fhear is sinnsirí de mhuintear Dhúgain agus a hiarraidh mar is ceart in ainm Dé is Mhuire is Cholmcille. D'fhág Colmcille an bhua sin ag an Dúgánach siocair gur Dúgánach a thug leithead a bhrait dó féin an lá úd a bhítheadh ag doicheadall roimhe.

Tá sé sa tseanchas fosta, nuair a bhí Colmcille ag dul i dtír as an churrach an lá sin go dtug cú nimhe Thoraí rúide ionsaí air ach gur thóg Colmcille a lámh gur ghearr comhartha na croiche ina héadán agus go dtug sí léim díreach i bhfarraige agus gur scoilt sí an chreag lena ruball ag dul amach dí. Tá an scoilt le feiceáil sa chreig go dtí an lá atá inniu ann.

Is iomaí áit i bParóiste Thulach Átha Beighbhile a bhfuil iarsma de

sheanchas Cholmcille ann. An tobar deas glan fíoruisce thíos ag bun na hArdadh Bige, Tobar Cholmcille, an áit a mbíodh Turas Cholmcille lá Féile an Naoimh i dtús Mhí Mheithim gach bliain.

Thoir ansin arís tá sean-Teampall Rátha in áit ar fhág Colmcille an chros mhór chloiche a ghearr sé thuas ag an Mhucais agus a bhí sé ag brath a thabhairt isteach go Toraí. Nuair a tháinig sé féin agus a chomhlúadar comh fada le Ráth chrothnaigh sé a phortús agus b'éigin dó pilleadh arais chun na Mucaise go bhfuair an portús slán sábháilte agus fiach dubh a chumhdach lena chuid eiteóg on fhearthainn.

Tá súil agam go bhfuil na scéalta sin uilig ag páistí scoile an lae inniu agus go ninnseoidh siad ar a seal féin iad do na páistí beaga eile a bheas ag teacht ina ndiaidh.

Anagaire

Bás

Comórtas Amhrán

Cúrsa Spiordálta

DÉ DOMHNAIGH a chuaigh thart bhí cúrsa Spiordálta ar na hAirdí de mhá na paróiste agus ghlac 150 páirt ann.

Seachtain ó Dé Domhnaigh seo chugainn (25ú lá) beidh cúrsa Spiordálta do'na fir ón pharóiste.

Fear ar bith ar mhaith leis ghabháil ar an chúrsa Spiordálta seo bá chóir do a ainm a thabhairt isteach do bhall ar bith den choiste pharóiste nó don

Athair Eoghan Ó Frighill i dteach na paróiste, roimh Dé Ceadaoine seo chugainn.

Dé Luain a chuaigh thart, chuala paróiste Ghaoth Dobhair le brón mór fá bhás Michéal Uí Dhomhnaill as Baile an Droichid a bhí os cionn ceithre scór bliain d'aois. Ní raibh sé ag éalamh ach le trí seachtainí.

Bhí slua mór ag an tórramh go Séipeál Naomh Mhuire sna Doirí Beaga agus i ndiaidh an Aifrinn go Reilig Mháchaire Gathlán. An tAthair Mac Fhlionn a bhí i mbun an tsearm-anais.

Déantar comhbhrón an phobail lena Bhean céile Eibhlín, a mhic, Dónal, Mánus O.S. Seosamh O.S. agus Pádraig agus lena infonacha Máire, Sorcha, Nóra agus Anna.

Ar Dheis Dé go raibh a anam.

Bhain Dóirín Bean Uí Mhurchú as Rinn O gCuanach, i bPort Láirge a bhíonn le cluinsteán go rialta ar Raidió na Gaeltachta an duais a thairg an Raidió céanna do amhrán nuachumtha a b'fhearr ar an nós traidisiúnta.

Dúirt an Coirneál Eoghan O Néill, Stiúrthóir Comhdháil Náisiúnta Na Gaeilge gur éirigh thar cinn leis an chomórtas.

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i gcomhar le Comhairle Paróiste Ghaoth Dobhair a bhí i mbun na hÉigse.

Mion-Mhargadh Uí Dhomhnaill

Earraí Grósaera, Milseógra, Crua-Earraí

Bainne Paisteartha Ionadaí do Uachtarlán Dhún na nGall

ANAGAIRE Gúthán Anagaire 32

An Feile Cuige Scoldramaíochta in Amharclann Ghaoth Dobhair

ar

23ú, 24ú, 25ú Márta, 1973

Thiar i nGleann Ceo

le Tadhg Ó Rabhartaigh

AR LEANSTAN

gan obair ar feadh sé mhí an uair sin. Ní raibh aon phingin rua fágtha ag aon duine. Bhí lá an chíosa ag teacht agus Mac Alastair ag bagairt an bhealaigh mhóir ar chuid mhaith acu; agus bhí Eoin an Droichid ag cur i dtíortha fá na fiacha. B'éigean dóibh géilleadh do Mhac Alastair agus iarraidh air an mianach a fhoscladh arís. Tugadh an gealltanús dó a bhí sé a iarraidh; agus chuir sin deireadh leis an *Land League* fán ghleann. Tá Mac Alastair ag gáirí fúthu ón lá sin go dtí an lá inniu."

"Creidim," arsa Tríona, "gurb é sin an fáth nach ligeann sé an dúiche thalaimh as a chrúba. Ar ndóigh, tá lán na lámh d'ór le fáil aige le ceathair nó cúig de bhlianta ach é a dhíol."

"Tá sé ráite míle uair ag Mac Alastair," arsa an tseanbhean, "go gcoinneoidh sé greim crua ar an ghleann agus ar a bhfuil ann a fhad is mhairfeas an anáil ann. Níl airgead ar bith de dhíth ar an fhear; agus, dá mbeadh féin, b'fhearr leis a bheith ina mháistir ar an ghleann agus ar an mhianach agus ar a bhfuil ann ná a bhfuil d'ór in Éirinn. Sin an sórt duine atá i Mac Alastair."

"Tá eagla orm nach dtabharfaidh sé spás dúinn go Féile Eoin," arsa Tríona.

"Níl mé ag dúil go dtabharfaidh, a rún," arsa an tseanbhean, ag pilleadh chun na tine agus cruit uirthi leis an fhuacht. "Ní ligfeadh an righneas dó a leithéid sin a dhéanamh. Creidim go gcaithfear scaradh le caoirigh na ngasúr—na caoirigh a d'fhág an té atá ag iompar na bhfód anocht ag an bheirt acu féin."

Chrom sí isteach os cionn na tine agus bhris an gol uirthi. D'amharc an bheirt ghasúr ar a chéile, ach níor dhúirt ceachtar acu chomh beag le focal. Ní raibh aon fhear den bheirt saor ó fhonn caointe; ach níor lig siad dá dtocht a mbua a fháil. Bhí súile na beirte sáite sa tine. Chrom an bheirt ghirseach a gceann go héadóchasach. Ní raibh smid le cluintsean faoi chreataí an tí.

Ba Tríona an chéad duine a fuair de chroí labhairt.

"Fheargail, a dheartháir," ar sise, "tá calm le trampáil agaibh, agus ní fada go mbeidh an oíche ann. Tá móin le tabhairt isteach agaibh, fosta."

Bhí sí ar bhéalaibh a rá gurbh fhearr dóibh amharc i ndiaidh na gcaorach, fosta; ach ní ligfeadh a croí di trácht orthu.

D'éirigh an bheirt ghasúr agus chuaigh siad i gceann gnóthaí. Mheasc siad an calm agus an chre ghorm tríd a chéile ag tóin an tí. Líon siad buicéad de, ansin, agus thug isteach chun an tí é. Bhí tine mheasartha mhaith sa ghráta agus thosaigh an bheirt a dhéanamh meallta cruinne den chalm idir a mbosa, agus á gcur ar na haibhleoga, go dtí go raibh carn meall ar an tine acu. Ba bhreá an tine a bheadh sa ghráta sin nuair a bheadh siad ar ais ón tsiabh le dhá chliabh móna. Ní bheadh aon mheall ann nach mbeadh ina chnap dhearg, the.

Nuair a bhí an bheirt ag líonadh na gliabh ar an fhoscadh i mbéal na cruaiche ar an tsiabh, dar le gach aon fhear acu, ina intinn féin, gurbh fhearr dóibh a gcomhairleacha a chur le chéile fán chíos seo a bhí mar néal dubh os a gcionn. Bhí an dá chaora ag seiftiú dóibh féin, thall is abhus tríd an fhraoch gharbh in aice leo.

"Do bharúil, an gcaithfear iad a dhíol?" arsa Peadar.

"Caithfear," arsa Feargal.

"Cé leis, do bharúil?"

"Le hEoin an Droichid, creidim."

"Maise, ní dhiolfar! Dheamhan greim de mo chaorasa a gheobhaidh giolla na súl dearg go deo."

"Nach fearr sin a dhéanamh, dá olcas é, ná ligeann do Mhac Alastair muid a dhíbirt as teach is as áit?"

"Cad é fá siúd?"

"Cad é an siúd?" arsa Feargal, agus fios maith aige.

"An taisce."

"Bhí mé ag fanacht leat é a rá, go díreach. Nach fearr dúinn an t-iomlán a inse ná na caoirigh a chailleadh?"

"Do bharúil?"

"Ní abrófar a dhath linn anois, nuair atá an t-airgead de dhíth go crua. Is é rud a bheidh lúcháir air, silimse."

"Dar fia, is fíor duit! Cé mhéad atá de dhíth ar Mhac Alastair?"

"Cúig phunt."

"Cúig phunt! Agus cá mhéad seo atá againn eadrainn anois?"

"Tá an seacht is sé pingne is cúig phunt againn; ach ní inseimid go bhfuil an oiread sin againn, tá a fhios agat. Bheadh a fhios ag m'athair mór ansin go bhfuilimid ar an obair seo le bliain. Bheadh sé ar an daoraí. Tá a fhios agat

féin gur mhionnaigh sé nach rachadh aon fhear againn chun an mhianaigh go mbeimis sé bliana déag ar scor ar bith. Nach mór an mhíorúilt í nár chuala sé a dhath fá dtaobh de go fóill?"

"Nach bhfuil a fhios agat nach n-inseodh Séimín Bán orainn, agus muid ag obair go saor dó? Tá mise ag déanamh gur cheart do Shéimín i bhfad níos mó pá ná sin a thabhairt dúinn. Tá mé chóir a bheith cinnte go bhfuil sé ag fáil dúbailt an airgid sin ar ár son ó Mhac Alastair, agus go bhfuil sé á chur síos ina phóca féin."

"Ní shilim go ndéanfadh Séimín Bán a leithéid. Tá sé i bhfad ródhiaiganta."

"Is doiligh a rá. Tá an Séimín céanna buille beag róphlásanta."

Is dócha gur fearr a inse go raibh an bheirt ghasúr seo ag obair sa mhianach gan fhios dá muintir, trí nó ceathair d'oicheanna sa tseachtain le bliain. Bhí gnás ag gasúir na háite theacht le chéile fán Droichead, chóir a bheith gach aon oíche. Bhíodh cuid acu fá shiopa Eoin, cuid fá theach an Ghréasaí Rua, cuid fá theach an innill taobh amuigh den mhianach, agus cuid eile istigh sa mhianach. Ba é Séimín Bán a bhí ag stiúradh an mhianaigh, agus a fhad agus nach mbíodh na gasúir seo ag déanamh dochair ar bith, ní chuireadh sé chucu ná uathu. Óir fear beag síodúil a bhí i Séimín cóir. Níor stad sé gur mheall sé chuige dornán beag de na gasúir agus gur chuir sé a tharraingt na mboscaí guail iad ar na bealaí cúnga nach raibh ard go leor ag na fir. Bliain roimhe sin, nuair a casadh Feargal agus Peadar air istigh sa mhianach oíche amháin, d'iarr siad air cead tarraingte a thabhairt don bheirt acu, agus eagla orthu nach ndéanfadh sé ach iad a dhiúltú. Ach b'amaideach iad. Bhí Séimín antoilteanach an obair a thabhairt dóibh. Go dearfa, ba é rud a chonacthas don bheirt acu gur lúcháir mhór a bhí air as iad a leithéid a iarraidh air.

"Cinnte, cinnte, cinnte, a ghasúra bána!" ar seisean. "Má tá fonn oibre ar mo chúid gasúr, caithfear bealach a thabhairt dóibh. M'anam, gur ádhúil amach gur labhair sibh liom ar na gnóthaí, a pháirtí, nó, go díreach anois, tharla go bhfuil an bealach beag is deise a chonaic sibh riamh istigh anseo agam fá bhur gcoinne. Tá beirt mhianachóirí ag tochailt anocht ann, agus gan duine le tarraingt uathu. Tá an bosca beag is fusa a thiomáint sa pholl agam daoibh. Dheamhan a leithéid de bhosca! Ní luaithe an bheirt agaibh ar a chúl ná siúd ar shiúl é mar bheadh drae ar oighear ann. Agus tá an bealach chomh cothrom le clár; gan log ná mala óna thús go dtína dheireadh. Deamhan a mbeidh ann agaibh ach cuideachta ar feadh cúpla uair, corroiche."

Ba é an toradh a bhí ar an chomhrá seo go ndeachaigh an bheirt ghasúr ar chúl aon bhosca amháin, ag tabhairt amach an ghuaill ó na tochailteoirí, ar an bhealach beag chéim a bhí dhá chéad slat ar fad, ó bhalla an ghuaill go dtí an príomhbhealach a bhí ag gabháil díreach isteach ó theach an innill, míle nó ní b'fháide faoin tsiabh. Bhí an bosca ar rothaí, agus cuireadh siad ceithre chéad meáchain air, idir ghual is chalm. Líonadh siad é le sluaistí beaga gairide, agus iad ina lú ar chúl a gcinn istigh ag balla íseal an ghuaill. Théadh an bheirt ar a chúl ansin, ag dingeadh agus ag brú, agus ag dingeadh; ag gnúsachtaigh agus ag casachtaigh; ag sleamhnú agus ag titim; ag gortú a gcuid cloigeann in éadan na carraige os a gcionn; ag suí síos ar an bhealach, corruair, lena n-anáil a tharraingt; ag obair sa dúdhorchadas in amanna, nuair a théadh a gcoinneal as.

Bhí siad ar an obair sin le bliain, gach aon oíche dá mbíodh feidhm ag Séimín Bán leo. D'oibríodh siad ceithre oíche corrsheachtain, trí oíche corrsheachtain; agus thagadh seachtainí eile nach mbíodh gnó ar bith leo. Toistiún an bosca a bheireadh Séimín dóibh, lá na pá. D'oibríodh siad ar feadh cúpla uair gach aon oíche dá dtéadh siad isteach; agus bhí siad ábalta trí nó ceathair de bhoscaí a thabhairt amach ar feadh an ama sin.

Ar ndóigh, bhí eagla a gcaicinn orthu go gcluinfadh a muintir an scéal. Óir is ar an mhianach a d'fhág an seanphéire bás an fhir a bhí curtha. Chuaigh seisean ann a tharraingt agus gan é ach an dá bhliain déag. Nuair a d'fhás sé aníos, ní raibh sé chomh láidir ná chomh folláin agus ba cheart dó a bheith; agus ba é an deireadh a bhí air go bhfuair an duine bocht bás, agus gur fhág sé iad san eagar a bhfuil cuntas tugtha air.

Tuilleadh i gceann coicíse

Tá an leabhar le fáil ó Fhoilseacháin an Rialtais, An Stuaire, Ard Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath. Luach 65p fríd an phost.

Altóirí Loch an Lúir

le PÁDRAIG MAC GARBHEITH

In aice Loch-An-Lúir go domhain i ndoimhneacht an phortaigh tá "Ailt-an-Scaláin." Tuigimid ó'n fhocal "Scalán" gur foscadh altóra é a bhí ann fada ó shoin, nuair a bhí ar na sagairt Aifreann a rá faoi choim i n-aimsear na bpéin-dlighthe. Ba fhoirsteanach an áit é "Ailt-an-Scaláin." Léana ghlas d'on phobal le ghabháil ar a nglúine, agus carraig nó beinn-léice, ag barr na h-aillte fá choinne na h-altóra. Tá foscadh ó thrí taobhanna, agus an taobh thiar foscaillte, mar bhealach ealóidh, dá dtigeadh an namháid orthu le linn na hOfráile.

Giota beag suas ón ailt tá Cloch an Amhairc, cinntiú eile ar an scéal, gur áit faire a bhí acu anseo. Má sheasann tú ar Chloich an-Amhairc, tá bunas na Rossa faoi dó shúil, o Chroichlí go Druimleachduit, agus ó Ailt-an-Choráin go mullach an Thoir. Níor bhféidir do na "Cotaí-Dearga" theacht isteach thar chríocha na Rosann i nganfios do'n té bheadh ag faire ar "Cloch an Amhairc."

In aice Loch-an-Lúir i Mín-Doire-na-Slua tá carraig Aifreann (bhféidir nach bhfuil an charraig fhéin fagtha anois) ach tá an suíomh ansin Deirtear gur leamheadh Aifreann ansin go minic. Thiocfadh an sagart anuas o cheanntar Ghaoth Bearra i ndoimhneacht na h-oíche, ag siúl ar chois. Rachadh an scéala thart go rabh Aifreann latharna bhárach. Lé bodhar-nacht an lae bheadh na sloigte ó'n cheanntar cruinn lé Aifreann a éisteach. Níor fhoirstine áit na seo nó tá radhar fada fairsing ó Cnoch-Min Doire na Slua.

I gceart iad Loch-an-Lúir tá "Tobar-an-Leachaihe," agus deir sean daoine gur doiche é gur áit é seo a rabh Aifreann a rá le linn na géar-léanamhna. Tá leigheas ins an tobhair seo air aicid a dtugtar "cait bhráid" air. Níor chuala mé de ainm béarla air ariamh ach "Running Evil." Is air an mhuineál a thig an aicid seo. Tá an tobar ó's coinne an áird anoir. Ba é an turas a ghabháil annsin naoi maidín roimh éirigh gréine, costárnócht, ciontárnócht, dó throschadh, agus an t-uisce a chuimilt do'n chneith. Léiseadh go leor anseo, agus de réir sheanachas na háite, ba é sagart éigin dá rabh ag leigheadh Aifreann ansin a choisrich an tobar agus go rabh leigheas ann dá thairbhe sin. Cé dearfadh nar bhé?

RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm

Seoladh

.....

.....

£

6 mhí £1.10p

1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

"GAELTACHT"

Clo Na Rosann,

Gaith Dobhair,

Leitir Ceanainn,

Tír Chonaill.

DÚCHAS

leis AN DÁLACH

Thit an buicéad ó'n chloich taobh amuigh de'n doras. Phreab Máire Rua 'na súl sa leabaidh. Bhí an chistin bheag i ndorachadas ach amháin cearnóg de tlaith-sholas a bhí le feiceáil an áit a rabh an fhuinneóg. Le sin bhuail séideán gaoithe taobh an tí, rinne buirtheach sa t-simléir agus chuir na creatacha ag gliurascaigh. Dalladh an fhuinneóg le scailleóg cubhair ó'n chladach. Choisrioc Máire í féin.

"Go sábhálaidh Dia achán chréatúir atá ar an fharráige anocht," arsa sise.

Ba é paidir na mban i gcónaí é nuair a d'éireochadh an stoirm i dtobainne agus a gcuid fear ar bharr na dtonn. Tháinig séideán eile níos treine agus chuir na ballaí ar crioth. Bheirfea mionna go rabh sé ag brath an teach a thógáil ó'n dubh-shraith.

Ba ghnáth le Máire muscladh i gconaí da n-éireochadh an ghaoth san oíche. Bhí eagla uirthi roimhe an stoirm; bhí fuath aici do'n fharráige. Thosaigh sí ag meabhrú fa oíche eile fiche bliain roimhe sin - an oíche uathbhasach sin a rinne sean bhean de brideoig trí mhí. Fuair a fear chéile, Mícheál Ó

Gallchóir bás amuigh udaí an oíche sin - amuigh ar Charraic a Róin. Maidin lá ar na mháirach d'iomchar siad a chorp aníos an casán ó'n trá agus d'fhág ar urlár na cistineach é. Ní thiocfadh lei mórán a inse fá'n am sin - na mion rudaí amháin a sheas amach in a h-intinn - an píosa leathaigh a bhí i bhfastódh in a scabal, na sligeáin buí i gcupaidí a chóta farraige, na sruthanna sáile ag síleadh ó na chuid éadaighe agus ag deanamh slodain ar an tairsigh - sin an dóigh a thug siad Mícheál na bhaile chuici.

Cúpla mí na dhiaidh sin rugadh a mac. Thug sí mionna nach mbeadh sé na h-iascaire a choiche, agus ba mhaith a choinnigh sí an gealltanús sin. Bhí Tomás Ó' Gallchóir 'na stocach urradhanta láidir i gcionn a naoi mbliain déag fa'n am seo ach níor iarr se áit ariamh ó fhoireann ar bith ar an oileán. San am cheanna, bhí fhios aici go rabh a chroí san fharráige. Togadh fá'n chladach é. Thiocfadh leis bád a stiúradh agus an seol a coinneáil lán go maith le fear ar bith ar an oileán. Ní rabh sé ach 'na ghasúr nuair a rinne, sé ainm dó féin i rásaí na mbád agus san am i láthair ní rabh fear rámha comh maith leis ar an oileán. Ach oíche amháin níor chaith sé amuigh leis na h-iascairí - amuigh ansin ag bun na spéire na mílte ó thalamh - an áit a chaith a sinnsear a shaol - an áit a bhfuair a athair bás. Agus anois nuair a bhí an ghaoth ag buirtheach taobh amuigh bhí sé 'na chodhladh go suaimhneach sa t-seomra bheag. Ní bheadh fhiachaibh uirthi bheith inníoch feasta. Ní tháinig sí chuici féin ariamh indiaidh bás Mícheáil agus da d'taradh a dhath ar a mac ní sheasochadh a croí é.

Le sin mhothuigh sí tormán éigin taobh amuigh de fuamanna na stoirme. Chuala sí trup ar an t-sráid. Bhí duine éigin ag iarraidh an laiste a thógáil. Cuireadh an doras isteach, shéid an ghaoth fríd an teach, mhuscaíl sí na h-aibhleoga bhí coihilte ar an teallach agus chuir blaidhre suas an t-simléir. Bhí toirt fir le feiceáil ar an tairsigh. Ins an mharbh sholas d'aithin sí Seán Rua, comharsa di agus an cara a b'fhearr a bhí ag Tomás ar an oileán. Chuir sé a ghuala leis an doras agus bhrúáigh amach é inéadan na stoirme.

"In ainm Dé, caidé tá cearr." Bhí an t-uathbhas agus an eagla le sonrú 'na glór. Tháinig Seán aníos agus sheas i lár an urláir. Le solas na tine thiocfadh lei tuile a fheiceáil ag síleadh ó' na chóta farraige agus a chuid buataisí agus na builgíní bheaga uisce ar strap a bhearrad farraige a bhí ceangailte fé na smigead. Shonruigh sí go rabh giall amháin do na chuid go dearg le rós. Bhí fhios aici ansin go dtáinig sé an casán ó'n chéadh - bheadh an

ghaoth ar an taobh sin ag teacht aníos do.

"Bhfuil Tomás muscaílte?" D'amharc Seán Bealach an tseomra. "Caidé tá contráilte?"

Chuir sí an cheist ath uair. "Tá bád Shéamuís Uí Duagáin briste ar Charraic a Róin. Tá'n fhoireann ar an charraic. Caithfidh muid dul amach."

"Fan bomaite." Bheir Máire ar a cuid éadaighe - coinníonn mná na n-oileán a gcuid éadaighe ag a láimh i gconaí no ní fhios acu cá h-uair a gheobhaidh siad scairt oíche. Fuair sí giota páipéir i bpoll a bhaic, las ar aibhleog é agus shiúl go dtí an fhuinneog an áit a rabh an lóchrann crochta. Chas sí suas an buaiceas agus las é sul ar labhair sí.

"Dá mbíodh fhios agam go rabh an stoirm ag teacht d'fhágfainn lasta é. Bheadh sé 'na mharc acu amuigh ansin."

Níor labhair Seán. Bhí fhios aige go rabh tuilleadh le rá aici.

"Caidé thig a dhéanamh arsa sise. D'aithneochta an fhearg ina glór. "An ndóighe tá fhios ag an t-saol nach dtig le bád ar bith dul amach anocht."

"Caithfidh muid dul amach." Ní thiocfadh leis a dhath eile a rá. B'é dlíge an oileáin é. Chaithfí iarraidh a dhéanamh ar tárrtháil a thabhairt.

Thiontaigh Máire air. "Caidé'n bhaint atá ag mo mhac sa le seo." Bhí píochán inti le neart feirge. Ní ar Sheán amháin a bhí sí ag leigint amach a racht ach ar an chinniuint féin a bhrisfeadh croí máthar.

Sheas Seán ansin gan focal as ar feadh bomaite. Ansin labhair sé go stuamha. "Tá fhios agat gur Tomás an t-iomróir is fearr ar an oileán. "Sé 'n fhoireann is fearr a chaithfeas dul amach."

Bhí troid ar siúl in a h-intinn. D'aithneochta é ó na ruiceanna in a h-éadan agus ó na puisíní teannta. An dtiocfadh léi íodhbairt a dheanamh do' na mac. Fuair Mícheál bás amuigh ansin agus b'é Carraic a Róin arís a bhí i gceist. Ach bhí pictiúir eile le feiceáil aici. Bhí Séamus Ó' Duagáin amuigh ansin - é féin agus triur comharsana - ag coinneáil a ngreim ar an Charraic lom. Agus ní rabh am ar bith le spairail.

Shílfea go rabh fhios ag Seán cad air a bhí si ag smaointiú. "Caithfidh muid deifre a dhéanamh. I gcionn uair a chloig beidh an lán mara istigh - beidh an charraic cumhdaithe fá'n am sin."

Rinne Máire osna. "Musclochaidh mé Tomás," arsa sise, "rachaidh sé síos caol díreach."

Chrom Seán a cheann, thiontaigh sé ar a shál agus shiúl sé amach ar an doras gan focal a rá.

"Caidé tá contráilte a mháthair?" Labhair Tomás ó'n seomra; bheag

"Éirigh a leanbh tá bád Shéamuís Uí Duagáin briste ar Charraic a Róin - tá an fhoireann ar an charraic."

Tháinig a mac amach ag tarraingt a chuid éadaigh air fa deifre. Chuir sé air a chóta farraige agus buataisí - ba lena athair iad.

I gcionn bomaite, bhí sé réidh. "Fán a leanbh agus beidh mise leat." Ó'n líne bhí ceangailte

fe'n chupla thug sí anuas a seál agus chuir uirthi é. Chuir sí a méar san uisce coisreactha agus rinne comhartha na croiche ar éadan a mic. "Fágfaidh mé an solas lasta. Beidh sé 'na mharc agaibh nuair a rachaidh sibh amach ansin." Bhí crith ar a glór.

Dimigh an bheirt acu síos an casán ag tarraingt ar an chéadh, a gcinn crom acu in éadan na stoirme. Bhí scaifite cruinn ar an chéadh. Bhí na mná agus na páistí ar fhoscadh an bhalla a bhí, togtha taobh na farraige do. Bhí na fir 'na seasamh ag an phointe a bfhuide amuigh, na tontracha ag briseadh ag a gcosa agus iad ag sior feachaint amach bealach na farraige.

Le sin chualthas é. Os cionn buirtheach na stoirme agus torman scathmhar na dtonn, chuala siad go soiléir fir ag scairtigh ar chabhair. Tháinig Seán Rua isteach fa dheifre, an mhuintir eile do leanstan.

"Tá Tomás Ó' Gallchóir anseo," arsa seisean. "Bheirfidh muid bád Mhícheáil Mhóir linn nó tá sí éadrom agus furast a tharraingt." Stop sé mar bheadh sé ag fanacht ar an chuid eile aontu leis.

"Glacfaidh muid bád Sheáinín Eoghain." Labhair Tomás go dana eolasach. "Ta urlár leathan aici agus éireochaidh sí leis an bhuille. Chuirfí bád Mhícheáil Mhóir síos oíche mar seo nuair a théadh an meachon uirthi."

"Tá'n ceart aige a fheara." Ba é Mícheál Mór é féin a d'aontaigh le Tomás. Chuir sin deireadh leis an diospóireacht no b'é Mícheál Mór an fear farraige a b'eolaighe ar an oileán.

Tógadh bád Sheáinín Eoghain ó'n áit a rabh sí na luí agus a béal fúithi ar an trá. Saitheadh isteach na pionna iomartha. Fuarthas na ramhaí agus tarraingeadh anuas í go dtí marc an lán mara. Choinnigh na fir díreach í. Bomaite amháin bhí siad na seasamh ar an trá tirim. An darna bomaite bhí an t-uisce suas go dtí a nglúna nuair a bhrisfeadh an tonn ar an trá.

"Gabhaighidh iste ach inti a fheara." Thug Mícheál Mór an t-ordú. Ní rabh na focla as a bhéal nuair a bhí an fhoireabn in a n-áit, Seán Rua, Conal Ó' Baoighill, Eamonn Mac a Bháird, agus Tomás Ó' Gallchóir. B'í an fhoireann a bhfearr ar an oileán í. D'iad a bhain rásaí na mbád mí roimhe sin, Bhí Mícheál Mór é féin ar an stiúr. Choinneochadh stuamhdhacht an aois cosc ar dhánacht na h-óige.

Labhair Mícheál leis na fir a bhí ag coinneáil an bháid cothrom. "Fan go dtaraidh aiméar. Ansin nuair a bheirfidh mise an t-ordú, brúigh amach í."

Aiméar an t-ainm a bheirtear ar an spás a thigeas nuair a bhriseas na trí tonna mora ar an trá. Na trí tonna báite a bheirtear orthu seo. Le sin tháinig sé, an chéad cheann acu. Tháinig sé isteach mar bheadh cnoc dubh ann cumhdaithe le blátha aitinne. Bhris sé agus rith sé aníos an trá. Bhí obair ag na fir a ngreim a choinneáil ar an bhád no bhí'n t-uisce go dtí na muineál orthu. Tháinig an darna ceann agus an treas ceann. Ansin tonn níos lú nó iad. B'é seo an t-aiméar bhithear ag dúil leis.

"Anois a fheara - In ainm Dé." Bhrúáigh siad an bád amach. Shaigh an fhoireann a gcuid ramhaí san uisce. Bhí an bád ar an t-snámh.

Ba é seo an t-am a ba mhó contúirt. Da dtaradh ceann do na tontracha móra sin orthu sul a bhfaigheadh siad glan ar shiúl ón tanalacht chaillfí iad. Seo chugainn í, ag teacht isteach mar bheadh balla tí ann. Sheas an bád suas díreach - shílfea go rabh sí ag titim siar agus a béal fúithi.

Anois bhí sí ar mullach na toinne - bhí sí taobh amuigh dí - bhí an chéad chontúirt thart. Shlug an dorachadas í. Mhothuigh an mhuintir a bhí ar an chladach gliurascnach na ramhaí. I gcionn tamaill ní rabh a dhath le cluinstit ach fuaim na dtonn agus buirtheach na farraige arís.

Chuaigh leath uair thart. Bhí an mhuintir a bhí thart fa'n chladach ag síor féachaint amach bealach na farraige. Ní rabh focal dá labhairt.

"Tá Dia maith agus tá Máthair mhaith Aige." Ba í sean bhean a labhair i nglór píochanach ag tabhairt uchtáighe do'n mhuintir a rabh a gcuid fear amuigh ansin i mbaol a mbáis. Le sin scairt gasúr beag a bhí ar mhullach an bhalla. "Tá siad cailte. Chonaic mise an bád ag dul síos."

Déirigh an callán. Thosaigh na mná ag caoineadh.

"Amaidighe: Ba í an tonn a chonaic sé ag briseadh." Tháinig an scairt ó sean duine ó'n árd os cionn an chéidh. Seo chugainn í a fheara: deanaighidh réidh."

Ach níor chuala Máire Ní Gallchóir ach an chéad scairt. Lig sí osna amháin aisti agus thit in a cnap ar an chéadh. Ní bheadh sí inníoch a choiche arís.

Bhí fir ar an trá anois amuigh go dtí na muineál ag iomchar an bháid agus an mhuintir a bhí inti suas os cionn mhairc an lán mara. Sábhladh achandhuine.

Ba é Tomás Ó' Gallchóir an chéad fhear a léim amach.

"Cá bhfuil mo mháthair?"

Ba é an chéad cheist a chur sé.

"Tá fhios agam go rabh sí inníoch."

Níor tugadh freagra ar bith air.


D'amharc sé ar an mhuintir a bhí 'na seasamh thart agus a gcinn crom acu. Ansin dimigh sé leis fa dheifre suas an casán go dtí an teach, an áit a rabh na comharsanaí ag coiriú an choirp i leabaidh na cistineach.

Cúpla lá indiaidh torramh a mháthair, tháinig Tomás anuas go dtí'n céadh, an áit a rabh Mícheál Mór na shuí ag coiriú eangaighe. Bheannaigh siad do na chéile. Shiúl Tomás go rabh sé ag an taobh amuigh do'n chéadh. D'amharc sé ar feadh tamaill fhada ar an reilig taobh thall dó, an áit a rabh uaigh a mháthair. Tháinig sé aníos fhad le Mícheál arís. Labhair sé mar bheadh duine ann a bheadh indiaidh muscladh.

"D'tig liom áit a fháil ar do bhád imbliana. Tá cuid eangach m'athar agam."

Níor thug Mícheál freagra air ar feadh tamaill. Ansin bhain sé an snathadán as a bhéal.

"Beidh áit in mo bháds a do mac Mhícheáil Uí Gallchóir am ar bith a bheas fonn air dul amach," arsa seisean.



GASÚIR GHABHLA

Cosúil le gasúir achan áit eile bhí gasúir Ghabhla iomlatach agus diabhailta ach bhí beirt ina gcónaí i Mullach An Aird Johnnie mac Mhicí Thaidhg agus Patrick mac Éamoin Thaidhg agus siomaidh uair a tharraing siad fearg na ndaoine orthu lena ndroch ghníomhartha agus cleasaíochta. Ar scor ar bith deir-eadh a naintín Úna nach mbeadh ifreann a choíche lán go mbeadh an bheirt ann, ach mheas Mairead Shíle go mbeadh faitíos ar an diabhal féin iad a ligint isteach.

Fágadh an scéal mar sin mar ní raibh deifre ar bith ar Johnnie nó ar Phatrick triall a bhaint as ifreann fhad agus a bhí an saol go measra ar an oileán.

Tháinig an tEarrach agus na fir a bhí fágtha ar an oileán, bhí siad gnoitheach ag romhar; bhí an chuid eile thiar in Acaill agus in áiteacha eile cois cladaigh i gConnacht ag teagasc iascaireacht scadán do na hiascairí thiar ansin.

Bhí Micí Thaidhg agus a dheartháir Éamon thiar fosta agus creid mise nar chuir sin cumha nó brón nó uaigneas ar Johnnie nó ar Phatrick. Maidin De Sathairn - an lá a ba phléisiúra sa tseachtain, a bhí ann.

Bhí an dá ghaiscíoch ar an bhealach breá luath nó bhí fuinneamh agus uirtheacht an Earraigh ina gcnámha. Bhí fonn oibre orthu fosta, rud nach rachadh chun sochair do mhuintir an bhaile má thuigeann tú mé.

Is fada ó rinne muid téamh póitín, arsa Patrick.

"Níl eorna ar bith againn," arsa Johnnie.

"Tá go leor dí thoir faoin Chalestóciach" arsa Patrick.

Sin bad mór, tá fhios agat a

raibh a béal faoi agus eorna lucht dhéanta an phóitín i bhfollach faoi. Ní dheachaidh mórán ama thart go raibh eorna ag na gasúir, canna nó beirt ó Nora Mhór agus tubán ó Sarah Tom a dhéanfadh dabhach i gcóir braithlís. Siomaidh dóigh le rud a fháil má tá'n ealain agat agus bhí sin ag na gasúir. Lasadh an tine agus os rud é go raibh foscadh a dhith le í a lasadh, cuireadh inéadan an churraigh í, a dhág Micí Thaidhg sa gharradh sul ar imigh se go hAcaill.

Níl samhíocht mhór a dhith ort a léitheoir le fios agat caidé a tharla ansin.

A.Thiarna, ní raibh a leitheid de thine i nGabhla ariamh oíche Fheile Éoin féin, bladhairí ag éirí anairde sa spéir agus toit dhubh a bhí le feiceáil ó Chnoc Fola go hÁrainn. Chruinnigh na fir le sluaiste agus spádaí agus roimhe i bhfad ní raibh fágtha de'n churrach ach gualach dóite. Fá'n am seo mheas an dá choirpeach gurbh fhearr rith maith nó droch sheasamh.

"Rachaidh muid go Cnoc A' Chait" arsa Patrick.

"Rachaidh" arsa Johnnie agus é ag baint na mbonnai as san chéanna. Bhí cró folaigh sa chnoc seo, tá fhios agat. Ach ní dheachaidh siad i bhfad. Cé a bhí ag fanacht ar an bhealach leo ach aintín Úna agus súiste léi. Ó'n lá sin go dtí an lá inniu mheas na gasúir go raibh radar nó computer ag Una cóir a thóg a gcuid smaointe.

Ar scor ar bith tugadh an dá choirpeach arais go páirc na tubaiste trialladh iad ar bhonn boise, agus creid mise go bhfuair siad greidmín a chuir cos i bpoll lena gcuid cleasaíochta ar feadh tamaill.

An tOileánach a scríobh

Loch an Iúir

Tá goirid ó shin tháinig Máire agus Peadar Mac Aoidh a chónaí go Loch an Iúir as Glascú. Tá a dteaghlach anois ag freastal ar scoil Loch an Iúir.

Gan mhoill beidh Peadar ag tógail teach úr i Loch an Iúir—cinn eile de na mórán tithe úra atá le tógail sa bhaile seo.


Cuireann a gcairde go léir fáilte agus Deaghuí rompu ag teacht abhaile.

Tá lúchair ar a chairde go léir go bhfuil Dónal Mac Aoidh arais as an otharlann. Tá sé go breá arís.

Bhí oíche mhór ag Cumann Peile

Loch an Iúir san Ray River Inn oíche Aoine a chuaigh thart, le airgead a chruinniú i gcomhair na foirne úire seo a chuir ar a mbonnai.

Tá sé ar intinn acu tús a chuir ar Chonradh don aos óg agus cheanna féin tá cupla ceantar toilteanach dhul isteach sa chonradh seo. Ag deireadh na bliana beidh trofaí le baint ag an fhoireann a bheas an bhuaidh acu. Ba mhaith leo cloisint ó fhoireann ar bith (faoi 17bl.) a mhaith leo páirt a ghlacadh ins an chonradh seo. Scríobh chuig: An Rúnaí, Cumann Oíge Loch an Iúir le tuilleadh eolais a fháil.



Buachailí Rann na Feirste

An Deoraí

Mo bheannacht leat Thir Chonaill ó mo chroí,
Is ortsa bím ag smaoineamh d'óiche 's ló:
Thar farraige cuirim chugat gach déa-ghuí,
No ní sé ndán dom pilleadh arís go deo.

Is ioma uair a cuireadh síos an síol,
Is ioma uair a baineadh an fómhar buí:
Is ioma cara fágadh ins an chill,
Ó'n lá sin d'fhág mé thú a stóir mo chroí.

Is fada'n lá o tháinig mé anall,
Imeasc na gcoigcríoch slíocai, santach searbh:
I bhfad ar shiúl o shléibhte Dhún na nGall,
Is ó mo chroí bheag féin cois farraige.

Níos mó, ní fheicfidh mé na tonna tréan,
Ag bualadh ar an chladach nó ar an trá:
Nó grían na maidne 'nochtadh' bhfad i gcéin,
I gcúl an Earagail i mbarr Ghaoth Dobhair.

Na seóltai bána 'muigh ag bun na spéir,
Na Mic Ui gCorra uaigneach, scaite lom:
No beanna Árainn díreach, daingean, dian,
Tráthnóna samhraidh, is maith is cuimhin liom.

Is maith is cuimhin liom an bhuíon ceoil,
Ar Lá Fhéil Pádraig ar an Chlochán Liath:
An cuideachta istigh i dtoigh an óil,
Na brata glasa luascadh leis an ghaoith.

Ach ní sé i ndán dom pilleadh arís go brách,
Ionnsair mo chairde is mo mhuintir féin:
Mo mhíle bheannacht ó mo chroí amach,
Le mo thírín dhílis, álainn i bhfad i gcéin.

AN DALACH A SCRÍOBH

Comhaltas Ceoltóirí Éireann

Lá Fhéile Pádraig beidh buíon ceol na bpáistí ag déanamh turas ar an pharóiste. Seo shíos an clár a bheas acu do dhuine ar bith ar mhaith leo iad a chloisint.

O Ard Scoil Mhuire go hAifreann 11.30 a.m. Doirí Beaga.

Ag 2.30 p.m. Mín a' Chladaigh.

Ag 3.00 p.m. Glaiseach

Ag 3.30 p.m. Teach Aindriú Mac an Bhaird go Doirí Beaga.

Ag 4.15 p.m. Machaireacha go Bun Beag.

Ag 5.15 p.m. Croichlí

Ag 5.45 p.m. Dobhar.

Ag 6.00 arais go Ard Scoil Mhuire áit a mbeidh céilí do pháistí Meánscoile, Ceardscoile agus Bunscoltacha an phobail ó 5 p.m. go 7.30 p.m. (Cead isteach 15p)

Measaim go mbeidh tráthnóna ar dóigh ag na páistí ag an chéilí agus go mbeidh níos mó ná páistí ag fáil isteach ar an spórt.

Oíche Mhór

AN BHFUIL fhios agat cá háit le gabhail ag an Fhéile Pádraig? Bhfuil tú idir dhá intinn? Bhal, seo do áit, Ostán Radharc na Mara, Machaire Chlochair oíche Dhomhnaigh 18ú lá, an áit a mbeidh suipéar agus damhsa agus ceol go leor.

Tá sé uilig ag tarlú an oíche sin agus mar sin de nach bí fágtha amuigh as an spórt!

Seirbhísí Comheaglasta

AG AN tseirbhís as Gaeilge in Eaglais an Bhun Bhig le linn Éigse Uladh, thug an sagart Dónal Mac Suibhne agus an Canónach Cosslett O Cuinn a mbeannacht le chéile dóibh siúd a bhí i láthair.

Ina dhiaidh sin ag an Aifreann i dTeach an Phobail léigh an Canónach O Cuinn an litir.

Bhí lúchair ar gach aon duine a bhí i láthair, an comhcheileiriú idir na hEaglaisí a fheiceáil.

Buíon Ceoil Dhobhair

Bunaíodh an buíon ceoil seo i 1972 agus sé an chéad uair a chonaiceas iad go poiblí ná ag foscladh Teach an Fnooail úr sna Doirí Beaga ar an 15ú Lúnasa.

I mbun an cheoil tá Nóra Bean Mhic Mhongáin O.S. agus an cheoil mhairseála tá Brian Ó Duagáin as Dobhar.

Tá 30 ball ins an bhuíon ceoil le feadogaí stáin, cairdíní agus melódicas, agus níl an duine is óige ach sé bliana agus an duine is sinne dhá bhliain déag.

Monarchan Úr

Tá tús déanta ar Mhionarchan úr Gaeltarra Éireann ar an Fál Carrach. Tá sé suite san áit chéanna a raibh an tsean mhonarchan cníotála atá a leagadh fá láthair. De réir cosúileachta sé seo an tús de ré úr fáis i gcúrsaí tionscála atá i ndán don Fhál Carrach.

Tá lúchair ar mhuintir na háite agus go mór, mhór ar an Choiste Forbartha a d'oibrigh go dícheallach leis an ré seo a thabhairt chun na háite go bhfuil toradh maith lena gcuid oibre.

TABHAIRNE LEO

CEOL GACH OÍCHE

Tar chuig deireadh seachtaine speisialta na Féile Pádraig 16ú, 17ú agus 18ú agus éist leis An CLANNAD agus le Buíonn Ceoil Gaelach Rann Na Feirste

Gaoth Dobhair

COMHGHAIRDEAS LE Eibhlín Nic Giolla Bhríde, Machaire Chlochair a bhuaidh duais, as pictiúr a rinne sí, ar chomórtas ar Radió Na Gaeltachta.

Is cosúil gur seo an chéad duine anseo a bhuaidh duais ar chomórtas an Radió.

Iníon le Seán agus Máire Bean Mhic Giolla Bhríde isea í Eibhlín.

Bhí triúr de chloinn Uí Fhearraí as Bun a' Leaca sa bhaile ar na mallaibh Caitlín as Philadelphia, Meiriceá, agus Máire agus Eibhlín as Albain. Bhí siad sa bhaile ar cuairt ar a máthair Peigí a bhí tinn. Tá an triúr pósta agus a gclann fásta suas.

Chaith Peadar Ó Suilleabháin as Brooklyn saoire i nÉirinn le goirid. Gaeilgeoir dúcháis as Gaillimh is ea Peadar agus tá sé pósta ar bhean as Gaoth Dobhair. Máire Nic Suibhne as Gabhla. Méaraí Bheag mar a thugann na Gaeilgeoirí i mBrooklyn uirthi.

Cúis bróin é scéala báis Cathail Mhic Cóil as Loch Caol. Bhí sé pósta agus é féin, a bhean agus a theaghlach ina gcónaí i nEdinburgh agus thall ansin a fuair sé bás.

Tá Niall Ó Gallchóir as Ard Na gCeapaire ar shiúl arais go Meiriceá.

Mac do Nóra Ní Ghallochóir é; agus do Eoghan Ó Gallchóir nach maireann

Chaith an tSúir Pádraigín le Muire saoire goirid anseo ar na mallaibh.

Beanrialta de órd na Trócaire i nDroichead an Óir, Baile Atha Cliath agus is deirfiúr í do Eoghan Ó Colla ar an Luinnigh agus do Shéamus Ó Colla ar an Bhun Bheag.

Gníonn pobal Ghaoth Dobhair comhghairdeas le Mánus Ó Gallchóir Brooklyn a cheannaigh teach úr ar an Oileán Fhada i Meiriceá. Mac le Máire Ní Ghallochóir, agus le Séamus Ó Gallchóir — nach maireann, as Machaire Loisce is é Mánus. Tá sé pósta ar bhean as Oileán Ghabhla agus tá triúr cloinne acu.

Bhí Mánus ina uachtarán ar Chumann Dhún na nGall thall i Nua Éabhrach ar feadh tréimhse fada. Chaith sé saoire anseo san Fhómhar, fán am ar foscladh Séipeál úr Dhoirí Beaga.

Imeasc bunadh Ghaoth Dobhair thall bhí ábhar gairdeachais i Montreal, Cheanada le goirid, nuair a hoirneadh sagart óg den bhunadh, an tAthair Éamann Ó Caoín.

Mac Mhic Neansaí Nábla as Oileán Ghabhla é. Bhí Neansaí pósta ar fhear as Cill Chainnigh, agus í ina cónaí i gCeanada le blianta. Tá sí féin agus a fearcéile marbh anois. Bhí mac díobh ina mhúinteoir scoile, agus ba é sin athair an tsagairt óig.

Fuair garuncal an tsagairt bás anseo le goirid, sin é Dónal Ó Dónaill as Machaire Chlochair. Tá go leor gaoltaí eile aige anseo, iar-ua chloinn Uí Dhónaill agus chloinn Uí Dhuibhir as na h-oileáin.

Tá Máire Bean Mhic Fhionnaile imithe as Prospect Place, Brooklyn i ndiaidh níos mó na ceathra bliain a chaitheamh ann.

Bhí mórán de bhunadh Ghaoth Dobhair, Na Rosann agus Gort a' Choirce ansin nuair a chuaigh sí ann ar dtús ach tá deireadh acu glan amach as an cheanntar anois.

B'as oileán Ghabhla Máire ó dhúchas. Iníon do Éamann Bán agus Bríd Nic Suibhne nach maireann.

Tá teach úr ag Máire ar oileán Staten i Nua Éabhrach anois. Guidhimid fad saoil agus sláinte dí.

BÁS

BHÍ BRÓN mór ar fud paróiste Ghaoth Dobhair nuair a chualadar fá bhás Eamainn Uí Fhearraigh as Machaire Gáthlán a tharla go toban ar an tseachtain a chuaigh thart.

Fear suaimhneach, cairdiúl a raibh meas ag óg agus aosta air, agus chruthaigh siad seo leis an tslua mór a bhí ar a thórramh go Seipeál Naomh Muire, Na Doirí Beaga Dé Domhnaigh a chuaigh thart agus na dhiaidh sin go Reilig Mhachaire Gáthlán.

Déantar comhbhrón an phobail lena dhaoine muinteartha.

Ar Dheis Dé go raibh a anam.

BHÍ BRÓN mór ar fud Paróiste Cloich Cheanfhaola, nuair a chualadar fá bhás Máire Bean Nic Aoidh as an Dún Mhór a tharla tá goirid ó shin. Bhí sí ceithre scór bliain d'aois.

Bhí a tórramh go Reilig Naomh Fínnian ina cheann mór, a thaispéan a meas a bhí uirthi san cheanntar. Sé an tAthair Mac Grenra S.C. a bhí i mbun an tsearmanais.

Déantar comhbhrón an phobail lena teaghlach.

Litir chuig an Eagarthoir

Éigse Ghaoth Dobhair agus an Loighic.

Le cúpla lá casadh seisear orm a raibh cúig bliana caite aca in Ard Scoil Mhuire i nGaoth Dobhair. D'ofráil mé punt don chéad duine aca a scríobhfaidh an chiall leis an fhocal "corollary," an focal a d'úsáid an tAthair 'Ac Suibhne ag deire Éigse Uladh in Amharciann Gnaoth Dobhair. Ní raibh aoinne des na scoláirí inann an focal a litriú, ní amháin é a mhíniú. Mar sin tá sé soiléir nach raibh an sagart ag caint le gnáth dhaoine Ghaoth Dobhair, nuair a rinne sé ionsaí ar na daoine a bhí ag cur a gcuid páistí amach as an phobal, i gcóir oideachais.

Thuig mise uaidh go raibh meas mór aige ar dhaoine a choinnigh a bpáistí istigh san pharóiste cé go raibh airgead aca chun iad a chuir amach go scoil cónaí. Mhol sé a bprionsabail. Thuig mé uaidh fosta — (níl cead ag aoinne rádh gur DHÚIRT an tAthair 'Ac Suibhne aon rud, mar séanfadh sé é) — go raibh an corollary de sin fíor. Sin an focal a d'úsáid sé, ní 'comhthoradh ná 'Iarmairt.' Is rud a bhain mise as sin go raibh dímhéas aige ar dhaoine a chuir a gcuid páistí amach as an phobal 'na scoile. Labhair sé go háirithe ar lucht an gheab agus caithfidh baint as sin go raibh sé ag tagairt de dhream ana-bheag ar fad.

An mhórchuid de na daoine a chuireann amach a gcuid páistí, ní abran siad focal. Lena ngníomh tugann siad le tuigbheal gur beag meas atá aca ar an oideachas a chuirtear ar fáil san pharóiste.

Ach tá roinnt againn nach bhfuil sásta gilleadh do chuir i gcéill na hEaglaise agus údaraisí eile agus d'oibrí muid chun an dá scoil a chur le chéile nó scoilphobail a fháil. Mas deire ár mbuíochais ná lucht an gheab a thabhairt orainn os coinne stráinséaraí ó gach aird don tír, bhéarfáidh le feiscint díbh cé'n fáth go bhfuil cumhacht ag an Eaglais san Ghaeltacht.

Ag míniú ceann des na fáthanna a chuireann na daoine amach a bpáistí, dubhairt mé ar Radió na Gaeltachta, go raibh dualgas ar thuismitheoirí an rud is féidir leo a dhéanamh da bpáistí. I gcúrsaí oideachais, féachann siad ar na torthaí. D'fíafraigh mé don Athair 'Ac Suibhne cé mhéad des na páistí, a tháinig isteach in Ard Scoil Mhuire in 1967 a d'fhág in 1972 agus Onóracha san Ard Teist aca; cé mhéad a raibh pas aca.

Sé'n freagra a thug an sagart ná gur chuir mo cheist a gháirí é. (Níor dhúirt mise mo smaointe — nár chuir sé na thuismitheoirí ag gáirí!) Lean sé

ar aghaidh agus dúirt nach raibh torthaí tabhachtach. Fuair scoláire as Ard Scoil Mhuire scoláireacht mór anuraidh agus níor rinneadh go leor callán fá na thaobh.

Mar sin, i loighic na sagart, má chuireann tú ceist fá uimnreacha, gheobnaidh tú freagra fá chaitian, cuir amach do pháistí agus inseo far den tsaoil Gaelach gur rud naireach é. Fiach scoil a fháil i do pharóiste agus is geabadán thú.

D'fhiafraigh mé do Ard Mháistir na Ceard Scoile ar an chlar céanna cé mhéad scoláire a tháinig isteach in 1969 agus a raibh Mean Teist anuraidh aige. Bhí loighic na sagart tógalach. Do cheist shimplí d'fhreagar sé go raibh "LÉAR MÓR daome ar tud na tíre, san Stáit Seirbhís agus i bpostanna mar sin, a dtiocadh leo buíochas a thabhairt do Gnairm Scoile na Doirí Beaga." Labhair sé tocla eile fosta ach is i nGaeilge a labhair sé agus ní raibh ciall ar bith réasúnta le baint asta.

An "léar mór" daoine a bhfuil postanna aca san Stáit Seirbhís; is é an uimhir iomlán na seisear. Ní raibh baint na páirt ag an choras Gairm oideachais le na postanna seo, ba ó abháir acadúla a fuair siad na postanna. Tháinig athair duine amháin aca go dtí an Ghairm Scoil agus dúirt sé go raibh an córas teagaisc, a fuair a iníon isteach san Stáit Sheirbhís, dhá chéad bliain as dáta. Mar sin, b'éigean an córas sin a chríochnadh, an cúrsa a chuir ar ceal agus ní bhfuair aoinne isteach san Stáit Sheirbhís ó shin.

Ach ná sílfeadh aoinne go bhfuil smaointe agus beartaíocht an Athair 'Ac Suibhne m'fhoighciúil. Níor dhúirt mé sin. Tá a gciall féin leo ach fios a bheith agat cé'n réamhleagan na bun-phrionsabail atá ar a gcúl. Ach ná bígí ag dréim le loighic ná réasún de shórt ar bith. Go háirithe ó dhuine ar bith a shiúlfas isteach go cruinníú tuismitheoirí agus bheireas dúshlán na bhfear a gcuid FEARÚLACHT a chruthadh! Má théann fear ag cruinníú tuismitheoirí, shílfinn go bhfuil sé ag dearbhadh go bhfuil a chuid fearúlacht cruthaithe aige. An síleann aoinne go raibh air glaoch ar fhear na comharsan ná ruagaire reatha éigin eile?

Tá mo bharúil féin agam fá bhun phrionsabal na hEaglaise fá oideachas i nGaoth Dobhair. An bhfuil sé sásta iad a phlé go poiblí i scríobhneoireacht — ní le caint ar radió ná ar ardán, áit a dtug sé breith go pearsanta ar dhaoine uair amháin ró-mhínic?

Séamus Ó Colla,
An Bun Beag.

Bingo An Chlocháin Léith

Comhghairdeachas leo seo leanas a bhain duaiseanna ag an Bingo ar an Chlochán Liath oíche Domhnaigh a chuaigh thart.

Máire Nic Amhaláí, Dobhar Bríd Ní Bhloscaidh, Gaoth Dobhair. Pádraig Mac Suibhne, Loch an Iúir. Tomás Ó Meallaigh, Litir Mac a' Bhaire (dhá uair) Seosamh Ó Fearraigh, Croichlí. Séamus Ó Domhnaill, Cuimín. Máirtín Ó Grianna, Gort a' Choirce. Dónal Mac Cnámhsí, Bean Uí Uistín, Cleendra £30 Pádraig Ó Domhnaill, Na Brocaigh. Toirealach Ó Breasláin, An Clochán Liath. Peadar Mac Grianna, Loch an Iúir. Máire Ní Dhochartaigh, An Clochán Liath £50

An tAthair Ó Straitheáin

BHÍ BRÓN mór ar muintir na paróiste ó chualadar go bhfuil an tAthair Ó Straitheáin imithe go dtí na Gleanntaí mar Shéiplíneach ansin.

Comh maith le bheith ina Shéiplíneach i nGort a' Choirce, ghlac sé suim mhór ag cuidiú leis an aos óg san pharóiste, ag bunú caitheadh aimsire dóibh, agus tá siad iontach buíoch do as an obair cruaiigh atá déanta aige.

Béidh cuimhne air mar shagart carthanach nár spáráil é féin ag amharc i ndiaidh a phobail ó thainig sé ina measc i 1967 Ó Oileán Thoraigh

Tá súil ag a chairde go léir gCloich Cheanfhaola go mbeidh gach rath air ina phost úr 'na Gleanntaí.

Cuir do chuid éadaí chugainn agus beidh siad . . .

FÍORGHLAN

Anagaire

Paddy Thadhg Mac Pháidin

Seirbhís Mini-Bus Oíche agus Lá

Gaoth Dobhair agus Glascú

Dobhar

Guthán: An Bun Beag 34

Cúrsaí Spóirt

le LIAM MAC GAOTHAIN

An Dún ró mhaith do Dhún na nGall

An Dún 1—9

Dún na nGall 0—2

Thug an Dún griosáil do Dhún na nGall Dé Domhnaigh seo caite i nÚir Chinn Trá.

Bhí sé soilléir ó thús an chluiche nach mbéadh an pheil ar an chuid is fearr nó bhí an mharcáil iontach teannta agus d'fhág sin go gcaithfeadh na himreoirí fáil réitigh don liathróid chomh gasta agus a thioctadh leo. Mar sin fhéin choinnigh an réiteoir, Pádraig Ó Duibhlin as Tír Eoghain, smacht mhaith ar an chluiche.

D'imir an Dún an pheil a b'fhearr agus bhí siad ceithre phointe chun tosaigh i gcionn dhá bhomaite dhéag agus gan freagra ar bith ó Dhún na nGall. Ceart go leor bhí an ghrian láidir ag cabhrú leo le cois an ghaoth ach ní raibh an ghaoth ró-láidir.

Ins an dara cuid do'n chéad leath a b'fhearr a d'imir Dún na nGall, agus thug siad le fios do'n scaifte mór an pheil a d'imir siad le craobh Uladh a bhua anuraidh. Pointí ó Shéamus Ó Grannachain agus Déaglan Ó Cearrúil agus ní raibh idir na foirne ach dhá phointe, ach sin chomh deas agus a fuair siad don Dhún i rith an chluiche. Bhí siad ag ionsaí ar chúl an Dúin, ach chaill siad an spiorad nuair a shábhail cúl báire an Dúin pionas, tar éis fear ionad Ciarán Ó Caonaigh a bheith feallta ins an chearnóg. Ag leath ama bhí an Dún ag baint cúig phointe agus dhá phointe ag Dún na nGall.

Bhí an scéal mar a gcéarna ins an dara leath go dtí go bhfuair an Dún cúl sa 47 bomaite ó Cholm Mac Giolla Arnaigh. Chuir sin críochnadh ar an chluiche. Ins an 40 bomaite deireannach do'n chluiche, ní bhfuair Dún na nGall scór ar bith. Bhí a gcuid tosaigh go holl agus ní raibh deacracht ar bith ag an Dún cose a choinneál orthu. Na himreoirí a b'fhearr don Dhún ná, Mac Giolla Arnaigh, Séan Ó Néill.

D'imir Antoin Ó Gallchóir páirt an chaptaein do Dhún na nGall agus fuair sé cuidiú mór ó Alan Kane, Dónall Ó Muinachan, Brian Mac Eniff agus Antoin Ó Curráin. Téann Contae an Dún isteach i roinnt a haon don srath-chomórtas, agus caithfidh Dún na nGall fanacht i sraith a dó do'n chomórtas bliain eile ar scor ar bith.

Cláirsigh Na Finne 2

Dún Dealgan 1

Bhí an t-ámh ar na Cláirsigh buaidh a fháil ar Dhún Dealgan ins an chluiche seo a tugadh chun tosaigh agus a himreoidh i bpáirc an Oriel Dé Domhnaigh seo caite.

Fuair Seosamh Mac Niocáil cúl sa bhomaite dheireannach, nuair a bhuaíl sé an liathróid lena cheann isteach sa chúl. Bhí lámh an uachtar ag na Cláirsigh i rith an chéad leath agus chuaigh siad chun tosaigh i gcionn 8 bhomaite nuair a fuair Séamus Mac Gabhainn a cheann le coirnéal ó Catnail Ó Fearaigh leis an liathróid a bhuaileadh isteach i gcúl Dhún Dealgan. D'fhan an scór mar sin suas go dtí 65 bomaite nuair a chuir Ó Lorcáin na foirne ar chomh scór. Mar a dúirt mé cheana féin fuair na Cláirsigh cúl bomaite ón deireadh. Cuirean seo na Cláirsigh go díreach pointe amháin i ndiaidh Phort Lairge ag bár an sraithchomórtas.

An Fál Carrach

BHÍ CRUINNIÚ ceann bliana ag Cumann L.C.G. Cloch Cheann Fhaoil-uga i hAra Naomh Fionnán oíche Shathairn. Ina thuairisc bhí seo le rá ag an Rúnaí Brian O Canainn.

Bhí bliain rathúil againn anseo san chumann i mbliana. Bhí mórán imeachtaí ar siúl againn agus deirigh muid cuid mhaith dul chun cinn a dhéanamh.

O thaobh airgeadais de ba é seo an chéad bliain le fada nach raibh muid i bhfiacha. Is mór an moladh é seo don chumann atá tar éis páirc peile



"GAELTACHT"

Saothraigh airgead i do am saor ag díol "Gaeltacht." Má tá tú abalta "Gaeltacht" a dhíol i do cheantar fhéin, scríobh chugainn fá choinne tuilleadh eolais:

Cló na Rosann,
Gaoth Dobhair,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

agus dhá phionniúr liathróid lámhe a chur ar fáil. Tá moladh fé leith ag dul do lucht reachtála an Bhingo agus do Liam Mac Flaithfeartaí go háirithe. Molaim fosta an mhuintir a bhí i mbun an Bhazaar, damhsaí srl. agus fosta iad siúd a thug bronntanais don fhoireann a bhuaidh Craobh an Chontae.

Ba é seo an chéad uair le fada a bhuaidh an chumann comórtas contae. Ba mnaith liom comhghairdeachas a ghabháil leis an fhoireann seo a bhuaidh an chomórtas a b'fhearr a ritheadh san chontae le fada an lá. Ba mnaith liom comhghairdeachas speisialta a ghabháil lenar gcaptaen Eamonn Mac Fhionlaiche a thug treorú briomhair don fhoireann i rith an chomórtas. Mar Bhainisteoir na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach imreoir mar gheall ar a gcomh oibriú i rith na bliana.

Maidir leis na hóganaí b'iad an mhuintir faoi 12 a rinne is fearr i mbliana. Bhí deireadh seachtaine acu seo i mBaile Atha Cliath nuair a bhí Craobh na hEireann a imirt. Tá buíochas ag dul do Phádraig O Grádaigh as an freastal a rinne sé orthu san chathair.

Tá buíochas an chumann agus buíochas lucht C.L.G. sa Chontae tuillte ag Tomás Breathnach mar gheall ar an feabhas a rinne sé gnothaí an Chontae a rialú le dhá bhliain anuas. Comhghairdeachas a Thomais!

Arís i mbliana b'é an mhuintir óg a thuill clú dóibh féin agus fear amháin go háirithe Brian Mac Ailín. Comhghairdeachas le Brian as ucht bonn airgid a bhaint i bpáirc an Chrócaigh.

Fosta ba mhaith liom comhghairdeachas a ghabháil le Séan O Ceallaigh a fuair moladh speisialta ó ard-chomhairle an C.L.G. mar gheall ar a shaothair ag spreagadh an chluiche imeasc an aois óig.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a bhronn na duaiseanna i gcóir na gcomórtais agus ba mhaith liom comhghairdeachas a ghabháil leo siúd a bhuaidh iad.

Ba mhaith liom comhghairdeachas a ghabháil le triúr denár imreoirí a pósadh ar na mallaibh: Aodh O Fearaigh, Donnchadh Mac Aoidh agus Dónall O Gallchóir. Adh mór orthu uilig.

Is mór an chailliúint dúinn an tAthair Aodh O Straidheáin a bheith ag imeacht uainn. Mar imreoir agus mar shagart ní raibh a sharú le fáil. Adh mór air ina phost nua.

Mar chríoch ba mhaith liom buíochas

Teastas i dTeangan Na Gaeilge

O 1945 bhí an cúrsa seo "Teastas i dTeagasc na Gaeilge" a reachtáil i nGaeltacht Cholnemara agus sin mar bá chóir do bheith. Ach, níor shás-aigh seo na oifigí fá Bhaile Atha Cliath a deir nach bhfuil sé fóirsteanach dena daoine a bhíonn ag freastal ar na cúrsaí seo dhul go Connemara le Gaeilge a fhoghlaim. Mar sin de bhog siad an Choláiste go Dún na nGall? Ní hé, go Ciarraí? Ní hé... ach go Baile Atha Cliath. Ceart go leor, tá bunas na ndaltaí ón Oirthear agus deir siad gur dhoiligh dóibh íostín a fháil i gConnemara ach ní sin an dearcadh atá ag muintir Chonemara ar an scéal. Téonn siad an tathrú mar mhasla. Deir siad, agus an ceart acu, nach bhfuil áit ar bith leis an teanga a fhoghlaim ach ins an Ghaeltacht. Tá mé cinnte nach rachaidh duine ar bith go dtí an Fhrainc le Spáinnis a fhoghlaim!

Muna bhfuil loistín ar bith le fáil ag lucht na gcúrsaí seo i gConnemara, agus níl mé a' rá nach bhfuil, tá fhios agam Gaeltacht eile a bhfuil neart loistín le fáil ann agus ní i mBaile Atha Cliath atá sí.

FÓGRAÍ SPEISIALTA

2½p an focal

GLUAISTEAIN

Vauxhall Viva le díol i nGaoth Dobhair;

1969 - 36,000 míle.

Cáin go deire Meán Fómhar.

Fón Bun Beag 6

RADHARC
NA nOILEAN
Machaire an Chlochair
Earraí Grósaera, Milseógra

D. Ó BAOILL
Grosae Mace, Feoladóir.
AILT AN CHORRÁIN